



# South Dublin County Today

Contae Átha Cliath Theas Inniu  
May 2009 Bealtaine 2009

Adamstown, Lucan  
Baile Adaim, Leamhcán



Tallaght Stadium  
Staidiam Thamhlachta



Tallaght Town Centre  
Ionad Baile Thamhlachta




Lucan Skate Park  
Páirc Scátála Leamhcáin



Grangecastle Business Park,  
Clondalkin  
Páirc Gnó Chaisleán na Gráinsí  
Chluain Dolcáin



Luas, Tallaght Central  
Luas, Tamhlacht - An Lár



Rose Garden Corkagh,  
Clondalkin  
Gáirdín na Rós i gCorkach,  
Cluain Dolcáin



Corkagh Fishery  
Iascach Chorcaí



Rathfarnham Castle  
Caisleán Ráth Fearnáin



Tallaght Swimming Pool  
Linn Snámha Thamhlachta



Rua Red



Anne Devlin, Rathfarnham  
Áine Ní Dhoibhlín, Ráth Fearnáin



## Message from the Mayor

### Message from the Mayor - Councillor Marie Corr

This edition of South Dublin County Today celebrates the achievements and the positive changes that have been created in the last five years as a result of decisions taken by this Council. The recent economic downturn should not eclipse the facilities that we were wise to create in the good times - such as the magnificent new County Library, Rua/Red Arts Centre and the Big Picture, infrastructural developments - Outer Ring Road, upgraded N7 and M50, Adamstown - the first SDZ initiative in the country and many more. I am proud of the work and the change achieved. I would like to acknowledge the work and contributions of my fellow Councillors, the County Manager, Joe Horan and the staff of the Council and most importantly the Community of South Dublin County and I look forward to the future development and growth of this great County.

## Teachtaireacht ón Méara

### Teachtaireacht ón Méara - An Comhairleoir Marie Corr

Déanann an t-eagrán seo de Áth Cliath Theas Inniu ceiliúradh ar na gnóthachtálacha agus na hathruithe dearfacha a cruthaíodh le cúig bliana anuas mar throsadh ar chinní a rinne an Chomhairle seo. Níor chóir don chor chun donais sa gheilleagar ár n-aird a tharraingt ó na saoráidí a cruthaíodh go stuama sa dea-thréimhse eacnamaíoch - cosúil leis an Leabharlann Contae iontach nua, Ionad Ealaíon Rua/Red agus An Fhís Mhór, forbairtí bonneagair - An Cuarbhóthar Lasmuigh, N7 agus M50 uasghráidithe, Baile Adaim - an chéad cheann a pleanáladh faoi thionscnamh an Chreasa Forbartha Inbhuanaithe agus go leor leor eile. Tá bród orm as ucht na hoibre agus an athraithe a baineadh amach. Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair agus cabhair mo Chomh-Chomhairleoirí, an Bainsteoir Contae, Joe Horan, agus bhaill foirne na Comhairle agus go mór mór do Phobal Átha Cliath Theas agus táim ag tnúth le forbairt agus fás sa Chontae iontach seo san am amach romhainn.

### Lucan Leamhcán



**Derek Keating (FG).**  
Peace  
Commissioner,  
66 Beech Park,  
Lucan,  
Co. Dublin.  
Tel: 628 1053 (H)  
Mobile:  
087 285 7435  
Email: dkeating@  
sdublincoco.ie  
www.  
derekkeating.net



**Dorothy Corrigan (GP)**  
Lucan Green Party  
Office, Room 4,  
Muintir na Tíre  
Hall, Main Street  
Lower, Lucan,  
Co. Dublin  
Mobile:  
087 245 8877  
Email: dcorrigan@  
sdublincoco.ie  
www.  
dorothycorrigan.com



**Guss O'Connell (Ind)**  
**(Deputy Mayor),**  
47 Palmerstown  
Green,  
Palmerstown,  
Dublin 20.  
Tel: 626 8554 (H)  
Mobile:  
087 683 8254  
Email: goconnell@  
sdublincoco.ie  
www.  
gussoconnell.com



**Eamon Tuffy (LAB)**  
22 Liffey Wood,  
Liffey Valley Park,  
Lucan,  
Co. Dublin.  
Mobile:  
086 386 3173  
Email: etuffy@  
sdublincoco.ie



**Robert Dowds (LAB)**  
43 Castle Park,  
Clondalkin,  
Dublin 22.  
Tel: 459 4583 (H)  
Mobile:  
087 652 0360  
(after 2.30 pm).  
Email: rdowds@  
sdublincoco.ie  
www.labour.ie/  
robertdowds



**Trevor Gilligan (FF)**  
112  
Cappaghmore,  
Estate, Clondalkin,  
Dublin 22.  
Mobile:  
085 714 5005  
Email: tgilligan@  
sdublincoco.ie  
www.  
trevorgilligan.com



**Shane O'Connor (SF)**  
170 Cherrywood  
Park, Clondalkin,  
Dublin 22.  
Tel: 4575668 (H)  
Mobile:  
087 240 7922  
Email: soconnor@  
sdublincoco.ie



**Therese Ridge (FG)**  
4 St. Patrick's  
Avenue,  
Clondalkin,  
Dublin 22.  
Tel: 457 3438 (H)  
Email: tridge@  
sdublincoco.ie



**Tony Delaney (FG)**  
31 St. Brigids  
Road,  
Clondalkin,  
Dublin 22.  
Mobile:  
086 669 4471  
Email: tdelaney@  
sdublincoco.ie



**Séan Crowe (SF)**  
16 Faiche an  
Ráithín,  
Tamhlacht,  
Baile Átha  
Cliath 24.  
Mobile:  
086 386 4303.  
Email: scrowe@  
sdublincoco.ie



**Mick Murphy (SP)**  
c/o SDCC,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.  
Tel: 493 4696 (H)  
Email:  
mickmurphy@  
sdublincoco.ie



**Eamonn Maloney (LAB)**  
84 St. Maelruans  
Park, Tallaght,  
Dublin 24.  
Tel: 452 5298 (H)  
Email: emaloney@  
sdublincoco.ie



**Joe Neville (FF)**  
c/o SDCC,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.  
Tel: 414 9050 (O)  
Mobile:  
087 850 6650  
Email: jneville@  
sdublincoco.ie



**Karen Warren (FG)**  
3 Bawnville Close,  
Tallaght,  
Dublin 24.  
Tel: 244 1709 (H)  
Mobile:  
087 767 9304  
Email: kwarren@  
sdublincoco.ie

### Clondalkin Cluain Dolcáin

### Tallaght Central Tamhlacht - An Lár



**Councillor Billy Gogarty**  
Green Party  
R.I.P. 21-5-08



**Councillor Fintan Mc Carthy**  
Green Party  
R.I.P. 1-8-07

**The Mayor, Members, Colleagues and Staff of South Dublin County Council would like to acknowledge the contributions made to local democracy by Councillor Billy Gogarty and Councillor Fintan McCarthy during the lifetime of this council.**

Ba mhaith leis an Méara, a comhghleacaithe agus Bail Foirne Chomhairle Contae Átha Cliath Theas aitheantas a thabhairt don mhéid a chuir an Comhairleoir Billy Gogarty agus an Comhairleoir Fintan McCarthy leis an daonlathas áitiúil le linn shaolré na comhairle seo.





## Message from the County Manager Teachtaireacht ón mBainisteoir

### Message from the County Manager – Joe Horan

South Dublin County is in a good position to cope with the challenging times this country now faces. We have a young educated population with access to amenities and facilities that offer the best educational, cultural, social and work opportunities. Changed economic circumstances has enabled the sharing of facilities with other agencies in the County – IT Tallaght, Government Departments, and FAS. We will work with people who have become recently unemployed to develop Intellectual Enterprise Zones helping to create a Knowledge Economy by promoting new business start ups and the creation of a Virtual Business Campus in the County. This will ensure that highly qualified unemployed people will have access to support and technology. I look forward to developing South Dublin County as a place of Innovation and Creativity.

I wish to acknowledge the commitment and support of the Mayor and all the elected members of this Council in the many positive developments in the last five years.

### Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae – Joe Horan

Tá cumas maith i gContae Átha Cliath Theas chun dul i ngleic leis an am dúshlánach atá os ár gcomhair amach. Tá daonra óg dea-oilte sa tír le rochtain ar áiseanna agus saoráidí a chuireann na deiseanna is fearr oideachais, cultúrtha, sóisialta agus oibre ar fáil. Mar thoradh ar chúinsí eacnamaíocha athraithe, tá éascaíocht déanta do shaoráidí a chomhroinnt le gníomhaireachtaí eile sa Chontae – IT Thamhlachta, Ranna Rialtais agus FÁS. Oibreimid leis na daoine a chaill a bpost le déanaí chun Criosanna Fiontraíochta Intleachtaí a fhorbairt, a chabhróidh le Geilleagar Eolasbhunaithe a chruthú trí ghnólachtaí nua-thionscanta a chur chun cinn agus Campas Fíorúil gnó a chruthú sa Chontae. Cinnteoidh sé sin go mbeidh rochtain ag daoine ardcháilithe dífhostaithe ar thacaíocht agus teicneolaíocht.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus tacaíocht an Mhéara agus bhall foirne na Comhairle seo le cúig bliana anuas.

### Tallaght South Tamhlacht Theas

### Terenure/Rathfarnham Tír an Iúir/Ráth Fearnáin



**Marie Corr (LAB) (Mayor),**  
35 Sundale Park,  
Mountain View,  
Jobstown,  
Dublin 24.  
Tel: 414 9031 (O)  
Mobile:  
085 735 9200  
Email: mcorr@  
sdblincoco.ie  
www.mariecorr.com



**Jim Daly (FF)**  
59 Coolamber  
Drive  
Rathcoole,  
Co. Dublin.  
Tel: 458 9782 (H)  
Mobile:  
087 254 2454  
Email: jdaly@  
sdblincoco.ie



**John Hannon (FF)**  
11 Knocklyon  
Heights  
Firhouse Road,  
Dublin 16  
Mobile:  
086 257 7213  
Email: jhannon@  
sdblincoco.ie



**Caitriona Jones (LAB)**  
c/o SDCC,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24  
Mobile:  
087 203 4427  
Email: cjones@  
sdblincoco.ie



**Cathal King (SF)**  
c/o SDCC,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.  
Mobile:  
086 318 6098  
Tel: 414 9063 (O)  
Email:  
cathalking@  
sdblincoco.ie



**Máire Ardagh (FF)**  
168 Walkinstown  
Road, Dublin 12.  
Tel: 456 8736 (O)  
Tel: 490 4182 (H)  
Email: mardagh@  
sdblincoco.ie



**Cáit Keane (FG)**  
26 Rushbrook  
Court,  
Templeogue,  
Dublin 6W.  
Tel: 414 9064 (O)  
Mobile:  
087 811 7824  
Email: ckeane@  
sdblincoco.ie  
www.caitkeane.com



**John Lahart (FF)**  
6 Orlagh Grange,  
Scholarstown  
Road,  
Rathfarnham,  
Dublin 16.  
Tel: 493 9608 (H)  
Email: jlahart@  
sdblincoco.ie



**Colm Brophy (FG)**  
c/o SDCC,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.  
Mobile:  
086 250 9223  
Email: cbrophy@  
sdblincoco.ie



**Tony McDermott (GP)**  
31 Westfield  
Road, Dublin 6W.  
Mobile:  
086 832 7450  
Email:  
tmcdermott@  
sdblincoco.ie  
www.  
tonymcdermott.ie



**Eamonn Walsh (LAB)**  
133 Limekiln  
Green  
Walkinstown,  
Dublin 12.  
Mobile:  
086 816 9917  
Email: ewalsh@  
sdblincoco.ie



**Paddy Cosgrave (LAB)**  
25 Orchardstown  
Drive,  
Rathfarnham,  
Dublin 14.  
Mobile:  
085 174 2709  
Email: pcosgrave@  
sdblincoco.ie  
www.  
paddycosgrave.eu

### Previous Councillors Iar-Chomhairleoirí

**Alex White (LAB)**  
Terenure/Rathfarnham  
Resigned 27/07/07

**Colm Tyndall (PD)**  
Clondalkin  
Resigned 14/06/06

**Gerard Cullen (PD)**  
Clondalkin  
Resigned 12/11/07

**Alan McGaughey (PD)**  
Clondalkin Area  
Resigned 28/08/08

**Stanley Laing (FG)**  
Terenure/Rathfarnham  
Retired 24/12/07

**Mark Daly (SF)**  
Tallaght Central  
Resigned 28/08/08

## Strategic Policy Committees strengthening the role of democracy in Local Government

Local government is about local people and their elected representatives shaping the future together. The Strategic Policy Committee structures afford both the elected representatives and local sectoral interests, the opportunity to be more involved in policy formulation for the benefit of the community. Services that are to be delivered and administered are strategically planned and the SPCs give both the councillor and community a strengthened role in this regard.



## Ról an daonlathais á neartú sa Rialtas Áitiúil ag Struchtúr an Choiste um Beartas Straitéiseach

Is éard atá i gceist le Rialtas Áitiúil, daoine áitiúla agus a n-ionadaithe tofa ag obair le chéile chun an todhchaí a mhúnlú. Cuireann struchtúir an Choiste um Beartas Straitéiseach deis ar fáil do na hionadaithe tofa agus do pháirtithe leasmhara earnála áitiúla páirt níos mó a ghlacadh le foirmiú beartais ar mhaithe leis an bpobal. Déantar seirbhísí atá le seachadadh agus le riaradh a phleanáil go straitéiseach agus tugann na Coistí um Beartas Straitéiseach ról neartaithe don chomhairleoir agus don phobal ina thaobh sin.



**Economic Development. Housing & Social. Transportation. Environment.**  
**Arts, Culture, Gaeilge, Education and Libraries. Sport, Recreation, Community & Parks.**

Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch. Tithíocht agus Sóisialta. Iompar. Comhshaol.  
 Na hEalaíona, an Cultúr, an Ghaeilge, Oideachas agus na Leabharlanna. Spórt, Áineas, Pobal agus Páirceanna.



**Some Achievements**

- County Arts Policy
- Traveller Accommodation Strategy
- County Play Policy
- Climate Change Strategy
- Irish Language Scheme
- Youth Art Policy
- Water Leisure Strategy
- Litter Management Plan
- “Teenspace” – National Recreation Strategy
- Housing Action Plan 2004-2008
- Water Strategy
- Sustainable Energy Strategy
- Library Development Plan
- Green Routes
- School Transport Initiatives

**Cuid Gnóthachtálacha**

- Beartas Ealaíon Contae
- Cóiríocht don Lucht Siúil
- Beartas Súgartha Contae
- Straitéis um Athrú na hAeráide
- Scéim na Gaeilge
- Beartas Ealaíne Óige
- Straitéis um Áineas Uisce
- Plean Bainistíochta Bruscair
- “Teenspace”
- Plean Gníomhaíochta Tithíochta 2004-2008
- Straitéis Uisce
- Fuinneamh Inbhuanaithe
- Plean Forbartha Leabharlann
- Slite Folláine Comhshaoil
- Tionscnamh Iompair Scoile





## Moving through our County

During the lifetime of this Council there has been significant improvement and ongoing investment in transportation infrastructure delivering high quality, sustainable and integrated transport systems for people and goods. The LUAS Red Line to Tallaght including its proposed extension to Citywest, has headlined the Public Transport Projects. To date progress has also been made on the planning of Metrowest, Lucan LUAS and the Kildare Route Project serving Adamstown, Fonthill and Kishogue. In addition, achievements have been made on the delivery of Quality Bus Corridors, Cycleways, Green Routes and the Footpath Programme in recent years.



## Ag Gluaiseacht tríd ár gContae

Tá feabhsú suntasach agus infheistíocht leanúnach déanta sa bhonneagar iompair le linn shaolré na Comhairle seo, rud a sheachadann córais iompair ardchaighdeáin, inbhuanaithe chomhtháite do dhaoine agus d'earraí. Cé gurb é Líne Dhearg LUAS chuig Tamhlacht, lena n-áirítear an síneadh molta air chuig Iarthar na Cathrach, an tionscadal is tábhachtaí de na Tionscadail Iompair Phoiblí go dtí seo, tá dul chun cinn déanta chomh maith ar phleanáil Metrowest, LUAS Leamhcáin agus Tionscadal Bhealach Chill Dara a dhéanfaidh freastal ar Bhaile Adaim, Cnoc an Fhuaráin agus an Chiseog. Ina theannta sin, tá gnóthachtálacha bainte amach maidir le seachadadh na Mórlánaí Bus, Conairí Rothaíochta, Bealaí Glasa agus an Clár Cosáin le blianta beaga anuas.



### Facts

- 847 km of Roads in total
- 30,000 Public Lighting Columns
- 102 School Wardens
- 120 Signalised Pedestrian Crossings
- 132 Sets of Traffic Lights
- 2 million euro spent on the footpath repair and renewal in 2008

### Fíricí

- Achar 847 km de Bhóithre ar an iomlán,
- 30,000 Colún Soilsiú Poiblí
- 102 Maor Scoile
- 120 Trasrian Coisithe le Comharthaí
- 132 Sraith Soilse Tráchta
- 2 milliún euro caite ar dheisiú agus athnuachan cosáin in 2008



## Our Local Environment

Our environment is precious. We all need to be mindful of our impact on the future of our resources – water, materials and the landscape. This County continues to strive to develop more sustainable options.

### Water

The water supply in South Dublin County comes mainly from the water treatment plant at Ballymore Eustace. Water reaches your tap through the 1,400 kilometre waterpipe network in the County.

### Did you know

- 170km water mains laid in past 5 years
- 40 megalitre reservoir and 22km of pipelines completed

### Water is precious – let's not waste it

- 33 Pressure Reducing Valves installed saving over 2 million litres per day
- Savings of 25 billion litres (or 5 Olympic swimming pools a day of water every day for past 5 years) saved through active leakage control in past 5-years

### Waste management

- Grey bin collection to over 83,000 households
- 61 bring banks location in the County

- We recycle 30% of our waste in South Dublin County
- The new Material Recovery Facility for the Dublin region, Ballymount was opened by Minister John Gormley
- First accessible underground bring bank opened in Sean Walsh Park in 2008

### Litter

We want South Dublin County to be litter free

- The national launch of National Spring Clean took place in St Aongus's, Tallaght in March 2009 –over 700 people present
- Tallaght achieved litter free status in January 2009
- Lucan wins category in Tidy Towns competition
- There are 7 litter wardens in the County
- Almost 3000 Litter fines issued in 2008



### No Grey Bin Collection on Bank Holidays Ballymount Civic Amenity Centre Open All Day

**There will be no grey bin collection on the June Bank Holiday Monday or on future Bank Holidays. Householders are asked to put their bin out on the week before or the week after bank holidays from now on.**

Thanks to the fortnightly green bin collection, householders are really reducing the amount of waste going to landfill. Please continue to recycle as much as you can - **Ballymount Civic Amenity will be open on Bank Holiday Mondays 09:30 - 17:00.**



## Ár gComhshaol Áitiúil



Baineann ardluach leis an gcomhshaol timpeall orainn. Ní mór dúinn ar fad a bheith airdeallach maidir le cad a tharlóidh dár n-acmhainní amach anseo – maidir le huisce, ábhair agus an tírdhreach. Déantar an-iarracht sa Chontae seo i gcónaí chun roghanna níos inbhuanaithe a fhorbairt.

### Uisce

Tagann an soláthar uisce i gContae Átha Cliath Theas go príomha ón ionad cóireála uisce ag an mBaile Mór. Tagann an t-uisce chuig an sconna i do theach tríd an líonra píopa uisce 1,400 ciliméadar sa Chontae.

### An raibh a fhios agat

- gur leagadh síos 170km príomhphíopaí uisce le 5 bliana anuas
- gur críochnaíodh taiscumar 40 meigilítear

ag Ospidéal Mhullach na Pise chomh maith le 22km píblínte

### Baineann ardluach le huisce – ná cuir amú é

- 33 Comhla Laghdaithe Bhrú suiteáilte, rud a choiglíonn os cionn 2 milliún lítear in aghaidh an lae.
- Coigilteas 25 billiún lítear (nó comhionann 5 linn snámha Oilimpeacha uisce in aghaidh an lae gach lá le 5 bliana anuas) a coiglíodh trí rialú ligin gníomhach le 5 bliana anuas.

### Bainistíocht Dramhaíola

- Bailiúchán na mboscaí bruscair liatha ó bhreis is 83,000 teaghlach
- 61 ionad tabhair leat sa Chontae
- Déanaimid 30% dár ndramhaíl i gContae Átha Cliath Theas a athchúrsáil.
- D'oscail an tAire John Gormley an Áis nua Aisghabhála Ábhair do réigiún Átha Cliath, ag Baile an Mhóta.
- An chéad ionad tabhair leat inrochtana faoi thalamh oscailte i bPáirc Sheáin Bhreatnaigh in 2008.

### Bruscar

Is mian linn go mbeidh Contae Átha Cliath Theas saor ó bhruscar

- Reáchtáladh seoladh náisiúnta Glanadh Earraigh Náisiúnta in Eastát Aonghasa, Tamhlacht i mí Mhárta 2009 agus bhí os cionn 700 duine i láthair
- Bhain Tamhlacht stádas saor ó bhruscar amach i mí Eanáir 2008
- Bhain Leamhcán an bua amach sa chatagóir i gcomórtas na mBailte Slachtmhara
- Tá seachtar maor bruscair sa Chontae
- Beagnach 3000 fineáil Bruscair eisithe in 2008.



### Ní Bhaileofar na Boscaí Bruscair Liatha ar Lá Saoire Bainc Ionad Áiseanna Cathartha Bhaile an Mhóta Oscailte Don Lá ar Fad

Ní bhaileofar na boscaí bruscair liatha ar Lá Saoire Bainc mhí an Mheithimh nó ar Laethanta Saoire Bainc amach anseo. Iarrtar ar mhuintir an tí a mbosca bruscair a chur amach an tseachtain roimh na laethanta saoire bainc nó i ndiaidh na laethanta saoire as seo amach.

Tá teaghlaigh ag laghdú méid na dramhaíola go mór atá á chur ar aghaidh chuig an líonadh talún mar thoradh ar bhailiúchán na mboscaí bruscair glasa gach coicís. Lean ar aghaidh ag déanamh athchúrsáil ar an méid is féidir libh, le bhur dtoil - Beidh Ionad Áiseanna Cathartha Bhaile an Mhóta ar oscailt gach Luan Saoire Bainc ó 09:00 go dtí 17:00.

## Planning for the future of our County

Planning is about shaping our future. Creating a place to live, work and play with good infrastructure and services. The development of Adamstown using the Strategic Development Zone planning scheme created a sustainable community with schools, shops and transport options developed alongside housing options.

## Pleanáil a dhéanamh do thodhchaí ár gContae

Ní leis an todhchaí a mhúnlú. Is éard a bhíonn i gceist léi áit a chruthú do dhaoine chun maireachtáil ann, obair a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as, a mbíonn bonneagar agus seirbhísí maithe ann. Cruthaíodh pobal inbhuanaithe le scoileanna, siopaí agus roghanna iompair curtha ar fáil taobh le roghanna tithíochta le forbairt Bhaile Adaim, trí úsáid a bhaint as scéim pleanála an Chreasa Forbartha Straitéisí



### Strategic Development Zone

A Strategic Development zone is an area designated by Government for a planning scheme, which is a legal document and must be prepared and adopted in accordance with Part IX of the Planning and Development Act.

### Crios Forbartha Straitéisí

Is éard atá i gceist le crios Forbartha Straitéisí limistéar atá ainmnithe ag an Rialtas le haghaidh scéim pleanála, ar doiciméad dlíthiúil é nach mór a ullmhú agus a ghlacadh de réir Chuid IX den Acht um Pleanáil agus Forbairt.

### Adamstown

Recent survey results indicate a high degree of resident satisfaction, with 7 in 10 residents strongly agreeing that “Adamstown feels like home”. Over 1,000 homes occupied representing more than 10% of the overall development.

### Baile Adaim

Léiríonn torthaí deireanacha suirbhé go bhfuil ardleibhéal sásaimh i measc cónaitheoirí, agus seachtar as gach deichniúr cónaitheoirí ag comhaontú go láidir “go bhfuil mothú teaghlaigh le brath i mBaile Adaim”. Tá daoine ina gcónaí in os cionn 1,000 teach, arb ionann é sin agus os cionn 10% den fhorbairt fhoriomlán.

### Clonburris

This Local Area Plan will provide a framework for the future development of the Clonburris area over a 10 to 20 year period. This development will accommodate up to 15,000 new homes with supported infrastructure.

### Cluain Buiríosa

Soláthróidh an Plean Ceantair Áitiúil seo creat d’fhorbairt Chluain Buiríosa amach anseo thar thréimhse idir 10 mbliana agus 20 bliain. Cuirfidh an fhorbairt nua seo cóiríocht ar fáil do suas go dtí 15,000 teach nua chomh maith le bonneagar tacaithe.

### Local Area Plans

- Tallaght Town Centre 2006
- Clonburris Strategic Development Zone Planning Scheme and Local Area Plan
- Liffey Valley Town Centre 2008.

### Pleananna Ceantair Áitiúil

- Ionad Baile Thamhlachta 2006
- Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí agus Plean Ceantair Áitiúil Chluain Buiríosa
- Ionad Baile Ghleann na Life 2008.

### Local Area Plans under preparation

- West Oldcourt
- Naas Road Gateway Urban Design Masterplan, Pre-draft Consultation - Advert.

### Pleananna Ceantair Áitiúil á nUllmhú

- An tSeanchúirt Thiar
- Máistirphlean Dearaidh Uirbigh Gheata Bhóthar an Náis, Comhairliúcháin Réamhdhréachta - Fógra.



## Economic Development **Forbairt Eacnamaíoch**

### **'Make the Next Leap' is about creating opportunities in the County.**

The 'Make the Next Leap' initiative proposes to set up a network of intellectual enterprise zones throughout the county where small to medium enterprises and individuals can use a dedicated desk/office space on a 'time share basis' to run and operate their business.

It is also proposed to develop a virtual business campus or zones where research can be carried out on creating new business opportunities. This space will afford participants to network with like minded individuals.

The web presence will be an interactive space where participants in the programme can provide feedback on their observations, ask questions, register for various training programmes, interact with colleagues and book time/space in the Intellectual Enterprise Zone work space.

The first enterprise zone will be located in Tallaght and will be rolled out to further zones throughout the County. These zones will be located in public buildings such as the Civic

Centre in Clondalkin and other community facilities throughout the County.

This concept has been developed and supported by South Dublin County Development Board in partnership with FAS, the Department of Social and Family Affairs and the IT Tallaght.



Moltar leis an tionscnamh seo, 'Make the Next Leap', líonra criosanna fiontraíochta intleachtaí a bhunú ar fud an chontae, inar féidir le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus daoine aonair spás tiomanta deisce/oifige a úsáid ar 'bhonn comhroinnt ama' chun a ngnólacht a chur i bhfeidhm agus a oibriú.

Moltar campas fíorúla gnó a fhorbairt in éineacht leis an spás fisiciúil, inar féidir taighde a dhéanamh ar dheiseanna nua gnó a chruthú. Cuirfidh an spás seo ar cumas rannpháirtithe páirt a ghlacadh i bpobal cleachtais agus líonra le daoine aonair a bhfuil na smaointe céanna acu. Is spás idirghníomhach é an gréasán ar féidir páirt a ghlacadh sa chlár, aiseolas a thabhairt, chomh maith le ceisteanna a fhreagairt, clárú le cláir éagsúla oiliúna, idirghníomhú le comhghleacaithe agus am/spás a chur in áirithe ar spás oibre an Chreasa Fiontraíochta Intleachtaí.

Tá forbairt á déanamh ag Bord Forbartha Chontae Átha Cliath Theas i gcomhar le FAS, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus IT Thamhlachta ar choincheap Criosanna Fiontraíochta Intleachtaí sa Chontae.

### **South Dublin County Tourism Company**

Formed in 2005. This company promotes, markets and develops South Dublin as a tourism County.

- Halloween

### **Promotion of Local Enterprise**

4 Local Enterprise Centres in the County

### **Green pedestrian Routes**

### **Cuideachta Turasóireachta Chontae Átha Cliath Theas**

Bunaíodh an chuideachta in 2005. Cuireann sí an Contae chun cinn, mar ionad turasóireachta.

- Halloween

### **Cur chun cinn na Fiontraíochta Áitiúla**

4 Ionad Fiontraíochta Áitiúil

### **Bealaí Glasa Coisithe**



## Living in South Dublin County

The Housing Department provides a range of accommodation options including social and affordable housing, Traveller specific accommodation and the Rental Accommodation Scheme as well as assisting in the delivery of voluntary housing and homeless accommodation. We manage a housing stock of more than 8,000 homes providing maintenance, estate management and support services.



## Ag maireachtáil in Áth Cliath Theas

Cuireann an Roinn Tithíochta raon roghanna cóiríochta ar fáil, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne, cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos, chomh maith le cúnamh a thabhairt le seachadadh na tithíochta deonaí agus cóiríocht do dhaoine gan dídean. Déanaimid bainistíocht ar stoc tithíochta lena mbaineann breis is 8,000 teach agus cuirimid cothabháil, bainistíocht eastát agus seirbhísí tacaíochta ar fáil dóibh.





- South Dublin County Council is the second largest Housing Authority in the State, with a total Housing Portfolio of 8642 rented dwellings
- The Property Path office opened its doors in October 2005 and has a dedicated Sales team for both Affordable Housing and the Tenant Purchase Scheme for Council tenants
- There are 2374 approved affordable housing applicants on our Affordable Housing List as at April 2009
- Since 2003 - 1381 affordable housing applicants purchased their own home. Examples of successful development provided under the Affordable Housing Schemes include:
  - Castlegate and The Paddocks in Adamstown
    - Deerpark Place in Tallaght
    - Eaton Square in Rathcoole
    - Slade Castle in Saggart
- 400 homes were delivered between 2004 -2008 in conjunction with the Voluntary Housing Associations
- The Rental Accommodation Scheme has delivered 600 homes to date with a target of 500 units per year
- 200 Traveller families have been accommodated between 2004-2008 in conjunction with Local Traveller Accommodation Consultative Committee and local support groups
- Is é Comhairle Contae Átha Cliath Theas an dara Údarás Tithíochta is mó sa Stát agus 8642 teach ar cíos mar chuid den Phunann Tithíochta iomlán.
- D'oscail an oifig 'Slí chun Tí' a doirse i mí Dheireadh Fómhair 2005 agus tá foireann tiomanta Díolachán mar chuid di le haghaidh Tithíocht Inacmhainne agus an Scéim Ceannacháin Tionóntaí,
- Tá 2374 iarrthóir ar thithíocht inacmhainne atá ceadaithe ar an Liosta Tithíocht Inacmhainne againn, faoi láthair i mí Aibreáin 2009.
- Ó 2003 i leith – cheannaigh 1381 iarrthóir ar thithíocht inacmhainne a dteach féin. Ar na samplaí den fhorbairt ar éirigh go han-mhaith léi, faoi Scéimeanna Tithíocht Inacmhainne, áirítear:
  - Geata an Chaisleáin agus na Peadaic i mBaile Adaim
  - Plás Pháirc na bhFianna i dTamhlacht,
  - Cearnóg Eaton i Ráth Cúil
  - Caisleán an tSláid i dTeach Sagard
- Seachadadh 400 teach idir 2004 agus 2008 i gcomhar leis na Cumainn Tithíochta Deonaí.
- Tá 600 teach seachadta ag an Scéim Cóiríochta ar Cíos go dtí seo agus 500 aonad in aghaidh na bliana mar sprioc
- Cuireadh cóiríocht ar fáil do 200 teaglach ón Lucht Siúil idir 2004 agus 2008 i gcomhar leis an gCoiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus grúpaí tacaíochta áitiúla.

## Arts and Culture in our County

The Arts have seen unprecedented growth over the last five years and South Dublin County Council Arts Office is committed to building for the future by supporting the development of creative people and communities throughout the County. One of the major developments in this area has been the opening of the South Dublin Arts Centre, Rua Red, in 2009, which comprises music, dance, performance, visual arts and multimedia studios.



Photographer: Jonathon Stokes

## Na hEalaíona agus an Cultúr inár gContae

Tá borradh ollmhór tagtha ar na healaíona le cúig bliana anuas agus tá Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh don am amach romhainn trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt daoine agus pobail chruthaitheacha trí na hEalaíona. Ba é ceann de na mórfhorbairtí sa réimse seo oscailt Ionad Ealaíon Átha Cliath Theas, Rua Red, in 2009, a bhfuil stiúideonna ceoil, damhsa, léirithe, amharcealaíon agus ilmheán mar chuid de.





## Achievements

- A cultural quarter at the centre of Tallaght comprising of RUA RED South Dublin Arts Centre, the County Library, the Civic Theatre and The Big Picture
- South Dublin Music Education Service -2008
- In Context 3 Public Art Programme - Per Cent for Art Programme 2006-2009
- Tallaght Young Filmmakers
- Appointment of a Youth Arts Participation Officer - 2008
- NOISE Project- a multi dimensional cultural website for young people - 2008
- FUSED Festivals
- Three artist residencies in literature, music and dance
